



ATLAS OF THE **IRISH**  
**REVOLUTION**  
*Acmhainní do Scoileanna*



College of  
Arts, Celtic Studies  
and Social Sciences

AONAD 1:

ÉIRE SA 19Ú hAOIS

*Bileoga Oibre SS (Sraith Shóisearach)*

## AONAD 1:

### BILEOGA OIBRE SS (SRAITH SHÓISEARACH): ÉIRE SA 19Ú HAOIS


---

Is í an bhliain 1841. Mhéadaigh daonra na hÉireann ó 2.5 milliún i 1750 go 8.2 milliún. Tá an chuid is mó de thalamh talmhaíochta na hÉireann faoi úinéireacht timpeall ar 10,000 tiarna talún saibhir - ar a dtugtar an Chinsealacht Phrotastúnach. Bhí eastát mór ag gach tiarna talún agus rinne sé a chuid talún a roinnt ina feirmeacha agus lig sé iad ar cíós d'fheirmeoirí tionóntacha.

### TASC

---

- Céim 1:* Sannfaidh an múinteoir féiniúlacht do gach scoláire. D'fhéadfá bheith i do Thiarna Talún Angla-Éireannach, i do Fheirmeoir Tionóntach Mór, i do Fheirmeoir Tionóntach Beag nó i do Choiteoir.
- Céim 2:* Aimsigh an Dírbheathaisnéis Charachtair ábhartha sa Bhileog Oibre seo agus léigh go cúramach í, agus aon rud atá ina dhíol spéise nó iontais duit á aibhsiú agat.
- Céim 3:* Nuair a bheidh tú cleachta le do charachtar, ba cheart duit na scoláirí eile sa rang a bhfuil an fhéiniúlacht chéanna acu agus grúpaí Tiarnaí Talún, Coiteoirí, srl a chur ar bun.
- Céim 4:* Ba cheart do gach grúpa cathaoirleach a cheapadh chun an díospóireacht a mhaoirsiú. I dteannta le chéile, ba cheart daoibh plé a dhéanamh maidir le conas Bileog Phróifíl an Charachtair a chomhlánú le haghaidh bhur gcarachtair.
- Step 5:* Nuair a bheidh próifíl a gcarachtair críochnaithe ag gach grúpa, cuideoidh do mhúinteoir libh grúpaí nua de cheathrar a chur ar bun. San áireamh leis na grúpaí nua sin beidh Tiarna Talún amháin, Feirmeoir Tionóntach Mór amháin, Feirmeoir Tionóntach Beag amháin agus Coiteoir amháin. Cuirfidh baill uile den ghrúpa leis an díospóireacht mar an charachtar a chruthaigh siad ina ngrúpaí féiniúlachta bunaidh.
- Céim 6:* Beidh an díospóireacht ghrúpa, agus an Tiarna Talún ina chathaoireach, ina dhá chuid.
- A)** Cuireann baill an ghrúpa iad féin in aithne sa charachtar, agus faisnéis á tabhairt faoina saolta agus na heochairfhocail agus an tsiombail ar a mBileog Próifíle á míniú do na scoláirí eile.
  - B)** Ag obair le chéile mar ghrúpa, comhlánaigh an bhileog oibre **An Gorta mór a Thuar**. Ag fanacht ina charachtar, cuireann gach ball den ghrúpa rud amháin léi atá ina ábhar imní dóibh faoin todhchaí mar aon leis an gcúis. Agus imní na gcarachtar eile uile á gcur san áireamh, mol na nithe a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí ("Toradh Tuartha") má dhéantar an imní sin a réadú.



## CARACHTAR 1: TIARNA TALÚN ANGLA-ÉIREANNACH

---

Is í an bhliain 1841. Is úinéir talún Angla-Éireannach mé agus tá 7,000 acra agam i gContae Chiarraí. Tháinig mo theaghlach anseo ar dtús ag am na bPlandálacha sa 17ú haois. Fuair mé mo chuid oideachais i Londain agus chuaigh mé ar thuras mór thart ar an Eoraip sula bhfuair mé an eastát le huacht ó m'athair i 1841. Cosúil lena lán úinéirí talún saibhre, is tiarna talún neamhchónaitheach mé, agus is fearr liom an chuid is mó den am a chaitheamh i Londain. Trí ioncam cíosa ó m'eastát in Éirinn soláthraítear airgead imleor dom chun mo leasanna gnó a mhaoiniú i Sasana. Ó ritheadh Acht an Aontais i 1801, rialaíodh Éire go díreach ón bparlaimint i Londain agus freastalaím ar Westminster mar Theachta Parlaiminte (TP). Bíim cúramach i gcónaí chun vótáil i bhfabhar aon dlí lena gcosnaítear mo leasanna mar thiarna talún.

Nuair a bhím in Éirinn, cónaím i gcompord mór i mo theach cónaithe faoin tuath. Tógadh an Teach Mór i 1772 agus is áras mór sómasach é le faichí áille timpeall air, mar aon le gairdín cistine agus acraí de choillte le haghaidh sealgaireachta. Is léiriú fisiceach é de mo stádas mar thiarna talún. Fostaím foireann tí mheasartha mór lena n-áirítear cailíní tí, buitléir agus máistreás do na seisear leanaí. Oibríonn sclábhaithe áitiúla ar fheirm na diméine áit a gcoinním tréad mór eallaigh - ba déiríochta agus eallach mairteola araon - mar aon le caoirigh agus muca.

Ós rud é nach mbím in Éirinn go minic, fostaím gníomhaire talún éifeachtach atá freagrach as reáchtáil laethúil an eastáit. Bailíonn sé na cíosanna dhá uair sa bhliain i mBealtaine agus i Samhain agus coinníonn sé 5% den airgead a bhailíonn sé. Dréachtaíonn sé na léasanna agus cinntíonn sé go gcloíonn na tionóntaí le téarmaí a gcomhaontuithe. Mura gcloíonn siad leo, is é mo ghníomhaire talún a fhorfheidhmíonn na díshealbhuithe.

Ó dheireadh Chogaí Napoléon i 1815, laghdaíodh an t-éileamh ar onnmhairí talmhaíochta Éireannacha go dtí an Bhreatain de réir a chéile. Ní féidir leis na feirmeoirí tionóntacha na praghsanna céanna a fháil don ghrán dá gcuid agus tá siad ag streachailt chun a gcíosanna a íoc. Is ábhar imní sin domsa, mar tá fiacha ollmhóra agam ó fuair mé airgead ar iasacht chun feabhsuithe a dhéanamh ar an Teach Mór. Cuireann mo chuntasóir comhairle orm gurb é an toradh ar na blianta fada den talamh a fhoroinn ina bhfeirmeacha níos lú agus níos lú gur cuireadh cosc ar fheabhsú talmhaíochta agus go ndearnadh mo réadmhaoin a dhíluacháil. Is é a thuairim gur cheart dom an próiseas a thiontú thart trí roinnt de na tionóntaí níos lú a dhíbirt d'fhonn méideanna na bhfeirmeacha a mhéadú. Seo 'comhdhlúthú' m'eastáit, mar a thugtar air.



## CARACHTAR 2: FEIRMEOIR TIONÓNTACH MÓR

---


Is feirmeoir tionóntach mór mé agus tógaim 100 acra ar cíos i gContae Chiarraí. Is féidir liom mo chlann a rianú siar go dtí an tréimhse roimh na Péindlíthe nuair a bhí siad ina n-úinéirí talún Caitliceacha saibhre sa cheantar seo. Cónaím go compordach leis mo bhean chéile agus le mo sheachtar leanaí i dteach feirme cloiche maith ina bhfuil cúig sheomra. Tá úllord timpeall ar an teach agus chuir mé stáblaí leis le déanaí.

Cuirim leis m'ioncam trí ghníomhú mar mheáncheannaí. Déanann meáncheannaithe a gcuid talún ar cíos a roinnt ina bpíosáí talún níos lú agus ligeann siad ar cíos iad ar bhrabús. Níl mórán imní orm faoin talamh nó na tithe a fheabhsú mar gnóthaím ioncam measartha mór as iad a fholigeann. Ligeann sé sin dom cíos a íoc, cánaicha a íoc agus beirt searbhóntaí a fhostú. Tá súil agam nach leanfaidh mo thiarna talún eiseamláir na dtiarnaí talún eile atá ag fáil réidh le meáncheannaithe d'fhonn deireadh a chur le foligeann agus na heastáit dá gcuid a chomhdhlúthú.

Ar na 40 acra de thalún ar cíos de mo chuid féin, tá beostoc agam agus cuirim prátaí, cruithneacht agus eorna ag fás. Le déanaí, laghdaíodh praghsanna an ghráin, agus tá mé ag díriú níos lú ar churaíocht (saothrú barr) agus ag díriú níos mó ar fhéarach (talamh féaraigh do bha agus do chaoirigh). Tá lucht saothair mór ann ar chostas íseal sa cheantar agus fostaím sclábhaithe talmhaíochta chun cuidiú le cur agus le baint na mbarr de mo chuid. Díolaim an grán agus an t-im ag an margadh ach coinním na prátaí chun mo theaghlach féin agus mo mhuca a chothú. Bíonn feoil san áireamh leis an gcuid is mó dár mbéilí - bruite nó measctha le glasraí in anraith - agus soláthraíonn na ba neart bainne le hól.

Tá mo thriúr mac ag fás suas go gasta agus ós rud é nár shroich an réabhlóid thionsclaíoch an chuid is mó d'Éirinn, níl mórán deiseanna acu obair a aimsiú ait ar bith ach sa talmhaíocht. Cosúil le cuid mhór de mo chomharsana, tá sé beartaithe agam mo chuid talún a roinnt idir mo thriúr mac ionas go mbeidh feirmeacha dá gcuid féin acu. Deir go leor daoine go mbíonn feirmeacha níos lú ina dtoradh ar an gcleachtas na foroinnte sin lena mbaineann ioncaim níos lú agus lena spreagtar pósadh ag aois óg. Ina sheal féin méadaítear an daonra leis sin agus brú níos mó á chur ar an talamh. Ina dhiaidh sin is uile, ní mór d'athair soláthar a dhéanamh dá mhic agus ní mian liom go rachadh siad ar imirce go Sasana nó go Meiriceá.





## CARACHTAR 3: FEIRMEOIR TIONÓNTACH BEAG


---

Is feirmeoir tionóntach mé cosúil le m'athair romham. Cónaím le mo theaghlach i dteach feirme trí sheomra ar 12 acra de thalamh i gContae Chiarraí. Cleachtaim feirmeoireacht leorchothaitheach, rud a chiallaíonn go saothraím díreach a dhóthain bia chun mo chíos a íoc agus mo theaghlach a chothú. Mar thoradh ar bhorradh an daonra ón ochtú haois déag tá éileamh méadaithe ar thalamh i dtír ina bhfuil mórchuid na ndaoine ina gcónaí faoin tuath. Mar thoradh ar fhoroinnt sin na talún ina feirmeacha níos lú agus níos lú tá go leor feirmeoirí tionóntacha beaga ann cosúil liomsa, go háirithe ar chósta iartharach na hÉireann.

Ó am go ham, ithimid feoil agus glasraí, ach is é ár bpríomhbharr prátaí, a fhásann go flúirseach fiú sna cineálacha ithreach is measa. Ní nach ionadh go bhfuil an práta anois ina phríomhbhia de na boicht, mar is glasra saor, blasta agus thar a bheith cothaitheach é agus tá sé an-oiriúnach d'aeráid thais na hÉireann. Faoi na 1830í, bhí trian amháin de dhaoine na hÉireann - beagnach 3 mhilliún daoine - ag brath ar phrátaí maidir le níos mó ná 90 faoin gcéad dá n-iontógáil calraí.

Bíonn mo chúigear mac ag faire go cúramach ar ár mbarr prátaí agus bíonn áthas orthu nuair a thaispeánann na duilleoga glasa leathana os cionn na hithreach. Cuidíonn siad leis an mbaint gach Deireadh Fómhair. Is maith le Liam atá 12 bhliain d'aois a bheith ag baint na tiúbair dhonnrua as an talamh a fhásann ar na gais faoin talamh. Croitheann sé agus a dheartháireacha an chré uathu agus déanann siad na prátaí a shórtáil isteach i gcléibh chaolaigh. Ithimid roinnt acu láithreach bonn agus déanaimid cuid eile a stóráil sa lochta, ach déantar an chuid is mó a stóráil i bpoill dhoimhne sa talamh agus clúdaítear iad le luachair agus le cré. Ithimid iad sin sa gheimhreadh agus i míonna an earraigh. Bainimid úsáid astu freisin mar shíolta do phrátaí nua sa bhliain dár gcionn. Deirtear go n-itheann na hÉireannaigh seacht milliún tonna de phrátaí gach bliain, ach oibríonn an córas, agus déanfaidh an práta muid a chothú fad is nach dteipeann ar an mbarr.

Cé go n-íocaim cíos, nílimid slán sábhailte. Is tionónta ar toil mise, rud a chiallaíonn nach bhfuil cosaint léasa agam agus d'fhéadfaí muid a dhíbirt ag am ar bith. Idir an dá linn, tá drogall orm feabhsuithe ar bith a dhéanamh ar an teach nó ar an talamh mar, faoin dlí, is faoi úinéireacht an tiarna talún a bheidh na feabhsuithe sin agus ní bhfaighidh mé aon chúiteamh má dhéanfar muid a dhíbirt. Má tharlaíonn sé sin, beidh orainn dídean a iarraidh le comharsana nó dul le líon na gcoiteoirí agus na sclábhaithe gan talamh a théann ó fheirm go feirm ag iarraidh obair a fháil.



## CARACHTAR 4: COITEOIR/SCLÁBHAÍ TALMHAÍOCHTA

Is coiteoir mise i gContae Chiarraí agus tugtar orainne “na daoine is boichte de na boicht”. Tógaim píosa beag bídeach talún ar cíos - ar chonacra - ón bhfeirmeoir tionóntach. Mar chuid dár gcomhaontú, ní mór dom oibriú mar sclábhaí ar thalamh an fheirmeora. Faighim pá socraithe, a chaitear ar mo chíos. Chuala mé go bhfuil níos mó coiteoirí i gCúige Mumhan ná in aon chúige eile in Éirinn.

Tá mise agus mo theaghlach inár gcónaí i gcábán aon seomra atá déanta de bhallaí feidín agus codlaíonn mo bhean chéile agus mo chúigear leanaí ar bheart mór tuí ar an urlár cré. Tá poll atá gearrtha sa díon tuí mar shimléar againn. Bímid ag brath ar an bpráta mar ár bpríomhfhoinsé bia. Tá sé éasca iad a fhás freisin ar phíosaí beaga de dhrochthalamh agus iomairí á n-úsáid. San earrach, bainim úsáid as gnáthspád chun trinsí comhthreomhara fada a thochailt timpeall ar thrí throigh óna chéile. Idir na trinsí, cuirim meascán d’aoileach, d’fheamainn agus de shliogáin trá brúite a bhailíonn mo bhean chéile agus mo leanaí. Ar deireadh, cuirim prátaí sil isteach sa mheascán agus cumhdaím é leis na fóid atá timpeall air. Is é an lumpar atá anois ina éagsúlacht is coitianta den phráta mar tháirgeann sé na barra is mó leis an méid is lú aoiligh. Is féidir beagnach 6 thonna de phrátaí a tháirgeadh as acra amháin d’iomairí - méid imleor chun mo theaghlach a chothú le haghaidh bliana beagnach.

Is é an bricfeasta tipiciúil do choiteoir i gCiarraí 4 phunt de phrátaí agus pionta amháin de bhainne bearrtha agus an méid céanna do dhinnéar. Itheann na mná agus na leanaí sciarta níos lú. De ghnáth déanaimid na prátaí a bheiriú nó déanaimid iad a chócaráil ar ghríosach na tine agus ithimid iad lenár méara. Uaireanta cuirimid blas leo le ‘cistin’ (feamainn thriomaithe arna beiriú síos leis na prátaí).

Tugann m’iníon ‘na míonna feithimh’ ar lúil agus ar Lúnasa. Sin an t-am sula mbíonn na prátaí nua réidh le baint agus nuair a bhíonn na stoic atá fágtha thar a bheith íseal. Le linn na míonna sin laghdaítear ár mbéilí de ghnáth ó dhá bhéile go béile amháin in aghaidh an lae. Má bhíonn rudaí thar a bheith deacair, téann mo bhean chéile agus mo leanaí i muinín iarraidh déirce ar thaobh an bhóthair. Gan chosaint léasa, d’fhéadfaí mé a dhíbirt ag am ar bith, agus tá sé ag éirí níos deacra i rith an ama do choiteoirí chun talamh a aimsiú. Tá seans ann go mbeidh orainn dídean a iarraidh ag teach áitiúil na mbocht. Tá na dálaí maireachtála agus oibre uafásacha i dteach na mbocht deartha chun gach duine seachas na daoine a bhfuil an gá is géire acu a dhíspreagadh. Bheadh sé sin ina chás is measa do mo theaghlach.

Ainm: \_\_\_\_\_

Aois: \_\_\_\_\_

Seoladh(seoltaí): \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Ainm na Mná Céile: \_\_\_\_\_

Ainmneacha na leanaí: \_\_\_\_\_

Líon na nAcráí: \_\_\_\_\_

Líon na dTionóntaí: \_\_\_\_\_

Líon na Searbhóntaí: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Leibhéal an Oideachais: \_\_\_\_\_

Brabús Bliantúil: \_\_\_\_\_

## Na Bunrudaí

Eochairfhocail  
Tiarna Talún Angla-Éireannach

Stíl Mhaireachtála



Siombail

Imní

Cur síos ar mo theach:

Líon na Seomraí:

Caithimh Aimsire Thipiciúla:

Aiste Bia Tipiciúil:

Is iad na trí rud atá ina n-ábhair imní dom faoin todhchaí ....

1. \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

3. \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Ainm: \_\_\_\_\_

Aois: \_\_\_\_\_

Seoladh(seoltaí): \_\_\_\_\_

Ainm na Mná Céile: \_\_\_\_\_

Ainmneacha na leanaí: \_\_\_\_\_

Líon na nAcráí: \_\_\_\_\_

Líon na dTionóntaí: \_\_\_\_\_

Líon na Searbhóntaí: \_\_\_\_\_

Leibhéal an Oideachais: \_\_\_\_\_

Brabús Bliantúil: \_\_\_\_\_

**Na Bunrudaí**

**Eochairfhocail**  
**Feirmeoir Tionóntach Mór**

**Siombail**

**Stíl Mhaireachtála**

**Imní**

**Feirmeoir Tionóntach Mór**

**Cur síos ar mo theach:**

**Líon na Seomraí:**

**Caithimh Aimsire Thipiciúla:**

**Aiste Bia Tipiciúil:**

**Is iad na trí rud atá ina n-ábhair imní dom faoin todhchaí ....**

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_

3. \_\_\_\_\_



Ainm: \_\_\_\_\_

Aois: \_\_\_\_\_

Seoladh(seoltaí): \_\_\_\_\_

Ainm na Mná Céile: \_\_\_\_\_

Ainmneacha na leanaí: \_\_\_\_\_

Líon na nAcráí: \_\_\_\_\_

Líon na dTionóntaí: \_\_\_\_\_

Líon na Searbhóntaí: \_\_\_\_\_

Leibhéal an Oideachais: \_\_\_\_\_

Brabús Bliantúil: \_\_\_\_\_

**Na Bunrudaí**

**Eochairfhocail**  
**Feirmeoir Tionóntach Beag**

**Siombail**

**Stíl Mhaireachtála**

**Feirmeoir**  
**Tionóntach Beag**

**Imní**

**Cur síos ar mo theach:**

**Líon na Seomraí:**

**Caithimh Aimsire Thipiciúla:**

**Aiste Bia Tipiciúil:**

**Is iad na trí rud atá ina n-ábhair imní dom faoin todhchaí ....**

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_

3. \_\_\_\_\_

Ainm: \_\_\_\_\_

Aois: \_\_\_\_\_

Seoladh(seoltaí): \_\_\_\_\_

Ainm na Mná Céile: \_\_\_\_\_

Ainmneacha na leanaí: \_\_\_\_\_

Líon na nAcráí: \_\_\_\_\_

Líon na dTionóntaí: \_\_\_\_\_

Líon na Searbhóntaí: \_\_\_\_\_

Leibhéal an Oideachais: \_\_\_\_\_

Brabús Bliantúil: \_\_\_\_\_

**Na Bunrudaí**

**Eochairfhocail**  
**Coiteoir/Scλάβhaí Talmhaíochta**

**Siombail**

**Coiteoir/  
Scλάβhaí Talmhaíochta**

**Stíl Mhaireachtála**

**Imní**

**Cur síos ar mo theach:**

**Líon na Seomraí:**

**Caithimh Aimsire Thipiciúla:**

**Aiste Bia Tipiciúil:**

**Is iad na trí rud atá ina n-ábhair imní dom faoin todhchaí ...**

1. \_\_\_\_\_


2. \_\_\_\_\_

3. \_\_\_\_\_

Úsáid peann luaidhe chun na carachtair a nascadh  
leis an teach ceart



# An Gorta Mór. A Thuar



1. Agus iad ag fanacht i gcarachtar **[cé]**, scríobhann gach ball den ghrúpa síos rud amháin ar a laghad atá ina ábhar imní dóibh faoin todhchaí **[cad]**, agus an chúis leis an imní **[cén fáth]**
2. Agus ábhair imní gach duine á dtabhairt san áireamh, pléigh na rudaí a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí má réadaítear gach ábhar imní **[an toradh tuartha]**

| CÉ | CAD | CÉN FÁTH | TUAR AN TODHCHAÍ |
|----|-----|----------|------------------|
|    |     |          |                  |
|    |     |          |                  |
|    |     |          |                  |
|    |     |          |                  |



# The Kerry Evening Post

VOL LXXV.

TRALEE, WEDNESDAY, FEBRUARY 14th, 1849

SINGLE PAPER: SIXPENCE

## THE POOR LAW AND THE FAMINE

The ruinous and demoralising Poor Law, and the protracted famine, still do their work together this nineteenth century of civilisation, witnessing calmly the process by which legislative enactments [laws] reduce a nation to pauperism ... Let us, as an example, examine a few of the statistics of both ... First, let us glance at the helpless, hopeless masses of pauperism thronging three unions - only three! - in the county of Cork. The following is furnished [provided] as ordinary intelligence by the *Cork Constitution*:

**MACROOM UNION** - Last week there were 3,227 paupers in the Macroom workhouse and temporary workhouse. There were 34 deaths during the previous week in the workhouses. There were 404 infirm paupers on outdoor relief ... **MIDLETON UNION**- Last week the number received relief in the Middleton workhouse was 2,100, and in the Youghal temporary workhouse 900.

**CORK** - On Saturday, the 27<sup>th</sup> of January, there were 6,222 paupers in the Cork Union Workhouse. The number decreased the two following days to 6,203; it increased the next four days to 6,315, and it decreased the next two days to 6,185. On Tuesday the number amounted 6,258.

Nearly 13,000 paupers in three unions in a single Irish county! Oh happy island that can afford such a beautiful specimen of the effects of Imperial [British] government.

But again, in Clare, in one union, the Ennis Union; out of a population of about 67,000, we learn from the last meeting of the [Poor Law] guardians, reported in

the *Clare Journal*, that there are no less than 23,500 supported by the rates ... So much for the admirable working of the admirable Poor Law ... Now for its twin-destroyer, the famine.

### DEATHS FROM STARVATION

(from the *Fermanagh Reporter*)

A poor man of the name of Maguire, unable to make out life at home, came to Enniskillen last week to seek work, leaving his children at home behind him. The poor man was so unsuccessful in his endeavours to find employment, that he could not send his children any food, and the neighbours denied them; the consequence was the death of two of them - one on Saturday morning, and another the same evening, a boy of 12 years of age. They were, we understand, a horrid spectacle - with skin like parchment! They were buried in an old box, used as a make-shift coffin, and with their filthy rags on to supply the place of shrouds."

(from the *Erne Packet*)

On Monday a man was found on the side of the Dublin road, and having been removed to the workhouse by the police, he died in a few minutes. It is stated that the man's name was Henry Armstrong, and was from the neighbourhood of Maguiresbridge. The coroner's jury returned a verdict of "died from starvation".

(from the *Clare Journal*)

Thomas Whitestone Esq. held an inquest on this body of James O'Brien, at Lahinch. After the examination of Dr. Finucane, and several other witnesses, the jury returned as their verdict that James O'Brien came by his death from "destitution and exposure to cold."



THE WORKHOUSE AT CLIFDEN IN COUNTY GALWAY

[Source: Illustrated London News, 1849]

(from the *Nenagh Guardian*)

We have to record in our publication of to-day another victim to starvation - another human being deprived of life from want of food. Within the last five weeks, five or six persons have died of absolute starvation in this union - a union rich in mineral wealth and in the fertility of its soil; and from the pauperised condition and the general distress of the people many more may be expected to perish from the same cause. God only knows where the present deplorable state of things will end. The victim in the present instance was a woman of the name of Winifred Mackey, aged about thirty-six. She was found by the police of Ballymackey, lying on the side of the road, at the dead of night, a cold stone as her pillow, a handful of straw as her bedding, the canopy of heaven as her ceiling and ... her last exclamation was for "food!, food!."

And what is the great and comprehensive measure that is announced by her Majesty's Ministers as a remedy for the frightful state of things disclosed in this one day's

statistics of the Poor Law and the Famine? With the whole means of the Treasury, the whole credit of the country at their disposal, and with their fellow beings dying in hundreds of starvation's slow and horrible agonies, what large and generous proposals do they make?

A loan of 50,000, a paltry, inadequate, miserable loan, and yet a loan opposed, bitterly opposed, by the English Members. Sir James Graham, indeed supported the grant, but on condition, that it should be last loan given to that insatiable beggar [Ireland] ...

Thus speaks our bold and able contemporary, the *Freeman's Journal* on this subject :- "Ireland pays into the united exchequer about five million of pounds annually. Less than one million of this is spent upon all the Irish establishments - the other four millions go towards paying the interest upon the debt contracted for English war, and supporting the English navy and the English army- in a word, towards swelling the greatness and fortifying the strength of the English empire."



## OBAIR LE FOCLÓIR

Tá roinnt de na focail a úsáideadh i nuachtáin sa 19ú haois imithe as úsáid laethúil.

*Céim 1:* I mbeirteanna, úsáid foclóir chun ciall gach ceann den dá fhocal ón alt atá liostaithe thíos a aimsiú

*Céim 2:* Sa spás atá curtha ar fáil scríobh an focal (comhchiallach) is dóichí go n-úsáidfí muid inniu

(1) Creachta: -----

----- Focal Nua-aimseartha -----

(2) Fadaithe: -----

----- Focal Nua-aimseartha -----

(3) Fear Déirce: -----

----- Focal Nua-aimseartha -----

(4) Taiséadach: -----

----- Focal Nua-aimseartha -----

(5) Bochtaineacht: -----

----- Focal Nua-aimseartha -----

(6) Berránach: -----

----- Focal Nua-aimseartha -----

(7) Bású: -----

----- Focal Nua-aimseartha -----

(8) Suarach: -----

----- Focal Nua-aimseartha -----

*Céim 3:* Sa spás thíos, liostaigh aon fhocail san alt nach bhfuil ar eolas agat. Úsáid d'fhoclóir chun a gciall a aimsiú

-----

-----

-----

-----

-----



## CEISTEANNA TUISCEANA

1. Cá háit agus cathain a chruthaíodh Doiciméad A?

-----

2. An foinse phríomhúil nó thánaisteach é Doiciméad A? Mínigh do fhreagra.

-----

3. I do thuairim féin, an bhfuil cuma fháilteach ar an bhfoirgneamh sa líníocht? Tabhair dhá chúis le do fhreagra.

-----

-----

4. Cad iad tithe na mbocht i gCorcaigh atá luaite san alt nuachtáin?

-----

5. De réir an iriseora, cad é líon iomlán na 'bhfear déirce' a bhí ann sna 3 aontas i gContae Chorcaigh?

-----

6. Cad é tuairim an iriseora faoin tacaíocht atá á tairiscint ag Rialtas na Breataine? Mínigh do fhreagra.

-----

-----

7. An gcuirfeá síos ar an iriseoir sin mar iriseoir oibiachtúil? Tabhair 3 chúis le do fhreagra.

-----

-----

-----

8. Samhlaigh go bhfuil tú i d'ealaíontóir atá ag obair don *London Illustrated News*. Iarradh ort radharc a líníú lena dtaispeántar éifeachtaí an Ghorta Mhóir in Éirinn. Cén ceann de na ceithre staróg (scéal) ón *Fermanagh Reporter*, ón *Erne Packet*, ón *Clare Journal* agus ón *Nenagh Guardian* a roghnófa chun a líníú?

### ***I do chóipleabhar:***

(a) Mínigh cén fáth a roghnaigh tú an scéal áirithe sin agus cuir síos ar na sonraí a thabharfa chun suntais sa líníocht.

(b) Línigh do radharc roghnaithe agus lipéadaigh gnéithe tábhachtacha na líníochta.

*Jan. 23, 1847*

The only difficulty I find in renewing my diary is to find language to describe the everyday increasing misery, frightful distress and fearful scenes, which are of such common occurrence in this neighbourhood, as scarcely to attract notice. Legions of half-naked, starving people parade the streets of this town, from morning until night ... Starvation is stamped upon every countenance; men that were once athletic thrust out their fleshless hands to implore assistance, and the cry of "I am starving" is dinned into your ears by hosts of starving women and dying children.

The sufferings of the poor from cold are more poignant, if possible, than from hunger. The people are at this moment in the commencement of what are generally the two most severe months in this climate almost literally

naked and without any prospect whatever of being able to procure even the most ordinary articles of dress.

When such is the condition of the poor who are able to leave their homes, some idea may be formed of those who, from sickness, are confined to their own miserable cabins. Disease is in every hovel, and death in every hamlet...

To a stranger, it may seem extraordinary that, in a Christian country, such horrors would be allowed to occur; but our farmers are almost in as bad a condition as the labouring classes, and our gentry are nearly pauperised by the affliction, which will soon press as heavily on them as any other in the community. It is only by the British government and the English people that our miseries can be assuaged ...

## - Doiciméad B -

Sliocht ó dhialann an Ghorta de chuid an Dr. Daniel O'Donovan, Dochtúir Clinic sa Sciobairín, Corcaigh Thiar, Eanáir 1847. (*Belfast Chronicle*, 1 Feabhra 1847)

## - Doiciméad C -

Buachaill agus Cailín ag Cathrach, *The Illustrated London News*, 20 Feabhra 1847. Thug an t-ealaíontóir James Mahony cuairt ar Chorcaigh thiar sna míonna ag tús 1847. Bhí súil aige, leis na sceitsí foilsithe mar an ceann seo lena dtaispeántar buachaill agus cailín agus iad ag cuardach prátaí go truamhéalach ar an mbóthar chuig Drom Dhá Liag, go gcuirfí an pobal carthanach ar an eolas faoi fhulaingt na mbocht.





TO THE EDITOR OF THE CORK EXAMINER

Skibbereen, 23rd May 1847

Dear Sir - In my accustomed walk through the parish of Creagh, my attention was arrested by the ruins of whole villages. I was particularly anxious to learn the cause of so much desolation, and for that purpose I sought the information of the few that yet lingered amid the ruins of their unhappy dwellings. They appeared content to perish of hunger in the vicinity of their homes, rather than take shelter in a workhouse.

The townland of Highfield, in the parish of Creagh, is the property of Robert Delacour Beamish, Esq., of Cork. A few days [ago] these proscribed victims were visited by the Rev. Summerest Townsend and Mr. Lovel, agent and under agent to Mr. B., for the purpose of clearing these lands of the tenants. On that day, and sometime prior, they succeeded in turning out [twenty-one] families.

[One was] the Widow Ganey, with seven in her family. They ascended the roof and commenced stripping off the thatch [.....which] they soon accomplished, the agent looking on during the execution of this new mode of ejectment, and promising a ticket for admission to the workhouse, but he departed without performing his promise...

I remain, Sir, very respectfully yours,

**JEREMIAH O'CALLAGHAN**


**- Doiciméad D -**

Sliocht ó litir chuig eagarthóir an *Cork Examiner* ag comhfhreagraí speisialta sa Sciobairín Sheol sé cuntais rialta faoi na dálaí uafásacha i gCorcaigh thiar chuig an Nuachtán. Tógadh suas a chuid tuairiscí ón gceantar go minic agus tuairiscíodh iad ag nuachtáin eile in Éirinn agus i Sasana.

**- Doiciméad E -**

Píchairt lena dtaispeántar cúiseanna báis sna sé pharóiste in Aontas an Sciobairín, Mean Fómhair 1846 - Mean Fómhair 1847

**Source:** John Crowley, William. J Smyth agus Mike Murphy eagarthóirí, *Atlas of the Great Irish Famine*, Cork University Press, 2012, lch 378




|             | AG DÍRÍÚ AR CÉN ÉIFEACHT(AI) AN GHORTA MHÓIR? | AN FOCAL (NA FOCAIL) NÓ AN FHÍRIC (NA FÍRICÍ) IS SPÉISIÚLA/IS IONTAÍ | FÍRICÍ DEN CHUID IS MÓ NÓ TUAIRIMÍ DEN CHUID IS MÓ? | LEIBHÉAL NA HIONTAOFACHTA                                                                                                                                                                                                                                                                                                               |
|-------------|-----------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Doiciméad A |                                               |                                                                      |                                                     | <div><div>Iontaofa</div><div><div>1</div><div>2</div><div>3</div><div>4</div><div>5</div></div><div><div><div></div></div><div><div></div></div><div><div></div></div><div><div></div></div><div><div></div></div></div><div>neamhiontaofa</div><div>Mar gheall ar: <div></div><div></div><div></div><div></div><div></div></div></div> |
| Doiciméad B |                                               |                                                                      |                                                     | <div><div>Iontaofa</div><div><div>1</div><div>2</div><div>3</div><div>4</div><div>5</div></div><div><div><div></div></div><div><div></div></div><div><div></div></div><div><div></div></div><div><div></div></div></div><div>neamhiontaofa</div><div>Mar gheall ar: <div></div><div></div><div></div><div></div><div></div></div></div> |
| Doiciméad C |                                               |                                                                      |                                                     | <div><div>Iontaofa</div><div><div>1</div><div>2</div><div>3</div><div>4</div><div>5</div></div><div><div><div></div></div><div><div></div></div><div><div></div></div><div><div></div></div><div><div></div></div></div><div>neamhiontaofa</div><div>Mar gheall ar: <div></div><div></div><div></div><div></div><div></div></div></div> |
| Doiciméad D |                                               |                                                                      |                                                     | <div><div>Iontaofa</div><div><div>1</div><div>2</div><div>3</div><div>4</div><div>5</div></div><div><div><div></div></div><div><div></div></div><div><div></div></div><div><div></div></div><div><div></div></div></div><div>neamhiontaofa</div><div>Mar gheall ar: <div></div><div></div><div></div><div></div><div></div></div></div> |
| Doiciméad E |                                               |                                                                      |                                                     | <div><div>Iontaofa</div><div><div>1</div><div>2</div><div>3</div><div>4</div><div>5</div></div><div><div><div></div></div><div><div></div></div><div><div></div></div><div><div></div></div><div><div></div></div></div><div>neamhiontaofa</div><div>Mar gheall ar: <div></div><div></div><div></div><div></div><div></div></div></div> |





- Doiciméad F -

Léarscáileanna lena dtaispeántar ceithre de na hiarmhairtí is milltí den Ghorta Mór


Percentage decline in holdings 1847-53




Percentage of evictions 1846-52



Percentage of deaths 1846-51



Percentage of townlands  
auctioned 1849-55





## LÉARSCÁIL A: CÉATADÁN AN LAGHDAITHE AR LÍON NA NGABHÁLTAS THAR 1 ACRA, 1847-53

Faoi 1853, bhí tírdhreach na hÉireann athraithe amach is amach. I mblianta an Ghorta Mhóir chonacthas timpeall ar 93,000 gabháltas de mhéid 1-5 acra ag dul i léig. Má chuireann tú na gabháltais bheaga de mhéid níos lú ná 1 acra san áireamh, méadaítear an líon sin go 300,000. Chuaigh beagnach 40% de ghabháltais bheaga idir 5 agus 15 acra i léig idir 1845 agus 1851. Cailleadh líon i bhfad níos lú de ghabháltais bheaga in oirthear agus i dtuaisceart na tíre ná mar a cailleadh sa deisceart agus san iarthar, áit a raibh caillteanas ollmhór ann. Cailleadh líon uafásach de ceithre fheirm as gach 10 bhfeirm i gContae an Chláir (42.4%). Ní raibh díbirt ag lámha na dtiarnaí talún ina cúis amháin leis an laghdú ollmhór i líon na ngabháltas beag i rith an Ghorta Mhóir. Thréig daoine eile a mbailte chun fóirithint a aimsiú in áiteanna eile nó chun dul ar imirce. I gcásanna eile, fuair teaghlaigh iomlána bás.

## LÉARSCÁIL B: CÉATADÁN NA NDÍSHEALBHUITHE, 1846-1852

Le linn an Ghorta Mhóir, chuaigh tiarnaí talún in Éirinn agus a ngníomhairí talún i mbun feachtais díshealbhuithe ollmhóra. Tar éis 1847, méadaíodh méid an airgid nárbh mhór do thiarnaí talún in Éirinn a íoc i gcánacha Dhlí na mBocht. Dá mhéad líon na dtionóntaí ar eastát an tiarna talún, b'airde na cánacha a bhí le híoc aige. Ba dhreasacht mhór é sin do thiarnaí talún, a raibh fiacha móra acu cheana féin, chun na gabháltais is lú a ghlanadh óna gcuid talún - iad sin dar luach £4 nó níos lú in aghaidh na bliana. Tharla na díshealbhuithe sin níos minice i réigiúin níos iargúlta, níos boichte na tíre, áit a raibh an cleachtas den talamh a fhoroinn ina ghabháltais níos lú agus níos lú níos coitianta. Meastar go ndearnadh níos mó ná 100,000 teaghlach (timpeall ar leathmhilliún duine) a dhíshealbhú ar fud na hÉireann le linn bhlianta an Ghorta Mhóir. B'éigean do chuid acu dul isteach i dtithe na mbocht, bhí cuid eile in ann dul ar imirce ach fuair cuid mhór acu bás. Ní nach ionadh, fágadh go leor cuimhní searbha i ndiaidh dhíshealbhuithe an Ghorta Mhóir i bpobail tuaithe na hÉireann.

## LÉARSCÁIL C: CÉATADÁN NA MBÁSANNA MAR CHION DE NA BÁSANNA IOMLÁNA, 1846-51

Fuair timpeall ar 1 mhilliún duine bás, idir fir, mná agus leanaí, le linn an Ghorta Mhóir. Fuair cuid acu bás mar gheall ar ocras, fuair cuid eile bás mar gheall ar easpa chothaitheach, ach maraíodh tromlach mór díobh ag galair thógálacha - tífeas, fiabhras, dinnireacht agus calar. Leathadh galair de réir mar a chruinnigh daoine ocracha timpeall ar iostaí bia agus ar thithe anraith nó de réir mar a brúdh iad isteach le chéile i dtithe na mbocht. Chonacthas an líon is mó de bhásanna sa Ghorta Mór in iarthar agus i ndeisceart na tíre.


## LÉARSCÁIL D: CÉATADÁN NA MBAILTE FEARAINN A DÍOLADH AR CEANT, 1849-55

Fiú roimh an nGorta Mór, bhí fiacha móra ag a lán tiarnaí talún. Méadaíodh na fiacha sin fiú níos mó le linn an Ghorta Mhóir mar gheall ar chíosanna nár íocadh, cánacha Dhlí na mBocht níos airde agus i gcásanna áirithe, caitheamh mór ar scéimeanna fóirithinte chun cuidiú le híospartaigh an Ghorta Mhóir. I mí Iúil 1849 rinne an rialtas Acht na nEastát Fiachbháite a rith lena mbunaíodh coimisiúin ag a raibh cumhachtaí móra chun réadmhaoin tiarnaí talún a dhíol d'fhonn a gcuid fiach a ghlanadh. Leis an léarscáil taispeántar céatadán na talún i ngach ceann de na 32 chontae a díoladh trí Chúirteanna na nEastát Fiachbháite.


## - Doiciméad G -

Leis an léarscáil seo tugtar déine na himirce ó gach contae chun suntais sa leathchéad tar éis an Ghorta Mhóir. Fiú roimh an nGorta Mór bhí an imirce ó Éirinn ard. De réir mar a d'éirigh an Gorta Mór níos measa tar éis 1846, d'éirigh an t-imeacht ó Éirinn ina thuile dhoshrianta. Chuaigh beagnach aon mhilliún Éireannach gan dóchas ar imirce chuig tíortha thar lear idir 1846 agus 1851. Faoi dheireadh 1852 bhí leathmhilliún eile imithe ó Éirinn. Faoi 1891, bhí ceathrar as gach deichniúr den daonra a rugadh in Éirinn ina gcónaí thar lear.

Foinse, John Crowley, Donal O Drisceoil agus Mike Murphy (eagarthóirí), *Atlas of the Irish Revolution*, Cork University Press, 2017



Source: Adapted from K. Miller 'Emigrants and Exiles' p576



## - Doiciméad H -

Léarscáil lena dtaispeántar céatadán na n-imirceach ó Éirinn a bhí ina gcónaí i dtíortha éagsúla faoi 1901.

Foinse, John Crowley, Donal O Drisceoil agus Mike Murphy (eagarthóirí), *Atlas of the Irish Revolution*, Cork University Press, 2017

## CEISTEANNA TUISCEANA

### Doiciméad F

1. Cad iad an dá chontae in Éirinn ina bhfacthas an leibhéal imirce is airde idir 1846 agus 1852?  
-----  
-----
2. Cad é mar a thacaíonn Léarscáil A leis an éileamh *go ndearnadh aicme na gcoiteoirí a scriosadh beagnach ag an nGorta Mór*?  
-----  
-----
3. An féidir leat cúis amháin a mholadh le caillteanas an oiread sin gabháltas beag i gContae Chiarraí, 1847-1853?  
-----  
-----
4. Cad iad na trí phríomhchúis le bás le linn an Ghorta Mhóir?  
(1) -----  
(2) -----  
(3) -----
5. Cad iad na ceithre chontae in Éirinn ina ndearnadh an líon is airde de rátaí básanna ‘farasbairr’ [*básanna a bhain le cúiseanna an Ghorta Mhóir*] a thaifeadadh le linn an Ghorta Mhóir.  
-----  
-----
6. An féidir leat a mholadh cén fáth a raibh na rátaí básanna is airde sna ceithre chontae sin?  
-----  
-----
7. Cad iad na trí chontae in Éirinn ina bhfacthas an céatadán is mó de thalamh a díoladh ar ceant, 1849-1855?  
-----  
-----
8. Bunaithe ar na léarscáileanna agus na foscríbhinní uile i nDoiciméad F, cén fáth a raibh céatadán na talún a díoladh ar ceant i gContae Thiobraid Árann chomh hard sin i do bharúil?  
-----  
-----  
-----



## CEISTEANNA TUISCEANA

### Doiciméid G agus H

9. De réir na foscáibhinne le Doiciméad G [Léarscáil na hImirce], cá mhéad Éireannach a chuaigh ar imirce chuig tíortha thar lear idir 1846 agus 1851?

-----

10. Ag úsáid na faisnéise san fhoscáibhinne le Doiciméad G, cad é an céatadán de dhaonra na hÉireann a bhí ina chónaí thar lear faoi 1891?

-----

11. Cad iad na trí chontae in Éirinn ina bhfacthas **(a)** na leibhéil is airde imirce agus **(b)** na leibhéil is ísle imirce idir 1846 agus 1851?

(a) -----i-----

(b) -----

12. An bhfuil tú in ann smaoineamh cén fáth a raibh na láithreacha atá taispeánta i nDoiciméad H ina gcinn scríbe a raibh tóir orthu d'imircigh ó Éirinn?

-----

13. An bhfuil tú in ann 1 éifeacht ghearrthearma, agus 1 éifeacht fhadthearma, a mholadh a bhaineann le leibhéil imirce chomh hard sin ó Éirinn?

(éifeacht ghearrthearma) -----

(éifeacht fhadthearma) -----

14. Bunaithe ar do scrúdú ar na cúig léarscáil agus ar na achoimrí i nDoiciméid F agus G, roghnaigh ceann amháin den dá thasc thíos:

- (a)** Scríobh cuntas ar éifeachtaí an Ghorta Mhóir i do chontae féin. Ba cheart go mbeadh fíricí agus staitisticí ó Dhoiciméid G-H san áireamh leis sin chomh maith le faisnéis a aimsíodh le linn do thaighde féin

nó

- (b)** Déan taighde ar scéal imircigh amháin ó do chontae féin a d'fhág Éire le linn an Ghorta Mhóir. Scríobh trí iontráil dialainne ó dhearcadh an duine sin. Ní mór an chéad cheann a scríobh faoin tréimhse sular imigh an duine ar imirce, ba cheart an dara ceann a scríobh agus an duine ar bord na loinge, agus ba cheart an tríú ceann a scríobh tar éis don duine a cheann scríbe a bhaint amach.



# BIONGÓ EOCHAIRFHOCAL

- Cuid A)

1:

Ag obair i mbeirteanna, gearr na boscaí agus cuir gach eochairfhocal leis an sainmhíniú ceart.

2:

Nuair atá tú sásta le do mheaitseálacha, cuir do bhileog oibre i gcomparáid le bileog oibre bheirt scoláirí eile.

3:

Agus sibh ag fanacht i bhur ngrúpaí de cheathrar, roghnaigh dhá chinn déag de na heochairfhocail agus cuir iad go randamach sna boscaí den Ghreille Biongó thíos. Idir an dá linn, ainmneoidh an múinteoir scoláire amháin chun gníomhú mar an Glaoiteoir Biongó.
- Cuid B)


4:

A luaithe agus a bheidh gach grúpa réidh, roghnóidh an Glaoiteoir Biongó sainmhínithe go randamach agus léifidh sé/sí iad don rang. Má smaoiníonn bhur ngrúpa go bhfuil an sainmhíniú in oiriúint le ceann ar bith de na focail ar bhur ngreille, ba cheart daoibh peann aibhsithe nó peann daite a úsáid chun an bosca a mharcáil.

5:

Déantar an buaiteoir a chinneadh nuair a chomhlánaíonn grúpa imreoirí amháin an patrún biongó buaiteach. D'fhéadfadh na patrúin a leanas a bheith i gceist:  
(a) Líne de thrí fhocal chlúdaithe - ingearach, cothrománach nó trasnánach  
(b) teach lán (nuair atá na focail uile sa ghreille clúdaithe)  
(c) Tá na focail uile faoi shiombail na léarscáile clúdaithe

| BIONGÓ                                                                              | EOCHAIRFHOCAL |  |
|-------------------------------------------------------------------------------------|---------------|--|
|  |               |  |
|                                                                                     |               |  |
|                                                                                     |               |  |
|                                                                                     |               |  |



# GLOSSARY OF KEY WORDS: THE GREAT FAMINE

## ARREARS

EVERY PERSON LIVING WITHIN A LOCAL ELECTORAL DIVISION PAID THESE RATES FOR THE MAINTENANCE OF THE WORKHOUSE.

## POOR LAW ACT

THE NAME GIVEN TO THE SHIPS THAT CARRIED IRISH EMIGRANTS ESCAPING THE EFFECTS OF THE FAMINE. THEY WERE CROWDED AND DISEASE-RIDDEN

## BOARD OF GUARDIANS

THE CONDITION OF BEING VERY POOR AND WITHOUT RESOURCES

## POOR RATES

A LEGAL TERM FOR PART OF A DEBT. i.e., RENT THAT IS OVERDUE

## COFFIN SHIPS

A FAVOURED METHOD OF LAND DIVISION IN PRE-FAMINE IRISH SOCIETY WHEREBY LAND WAS DIVIDED INTO SMALLER PIECES

## CLEARANCES

THE ACT OF LEAVING ONE'S OWN COUNTRY TO SETTLE PERMANENTLY IN ANOTHER; MOVING ABROAD.

## CONACRE

AN ECONOMIC POLICY WHICH MEANT THAT GOVERNMENT DID NOT INTERFERE IN BUSINESS MARKETS OR THE ECONOMY IN GENERAL. IT PROVED DISASTROUS DURING THE FAMINE

## SUBDIVISION

WHEN THE IRISH POOR LAW ACT WAS INTRODUCED IN 1838, A BOARD OF GUARDIANS WAS ELECTED TO RUN THE AFFAIRS OF THE WORKHOUSES WITHIN EACH DESIGNATED AREA.

## COTTIERS

AN ANNUAL PAYMENT OF ONE TENTH OF PRODUCE, PAID TO THE ESTABLISHED CHURCH. THEY WERE GREATLY RESENTED BY ALL DENOMINATIONS.

## TITHES

A PLACE WHERE THE POOR AND DESTITUTE COULD FIND ACCOMMODATION AND SHELTER IN RETURN FOR CARRYING OUT BASIC DUTIES. CONDITIONS OF ENTRY INTO THE WORKHOUSE WERE STRICT AND IT WAS SEEN AS THE LAST RESORT.

## DESTITUTE

INTRODUCED FOR IRELAND IN 1838, THIS ACT ALLOWED FOR A SYSTEM TO SUPPLY RELIEF TO THE POOR.

## WORKHOUSE

A CLASS OF PEOPLE WHO GENERALLY OWNED LITTLE MORE THAN HALF AN ACRE OF LAND.

## EMIGRATION

ACCORDING TO THIS ACT, HOLDERS OF MORE THAN A  $\frac{1}{4}$  OF AN ACRE OF LAND COULD NOT BE DEEMED DESTITUTE AND ENTITLED TO RELIEF. RESULTED IN THOUSANDS OF IMPOVERISHED COTTIERS SURRENDERING THEIR LAND.

## FAMINE ROADS

PART OF THE WORK SCHEMES SET UP, THE POOR DID TOUGH PHYSICAL LABOR ALL DAY BUILDING THESE ROADS IN ORDER TO EARN MONEY TO BUY FOOD.

## EVICTON

LANDLORDS WERE REQUIRED TO PAY THE POOR RATE FOR THOSE WITH A HOLDING VALUED AT UNDER £4. AS THE FAMINE PROGRESSED, MANY LANDLORDS DECIDED TO CLEAR THESE TENANTS FROM THEIR ESTATES.

## POTATO BLIGHT

A SEVERE SHORTAGE OF FOOD, AS THROUGH CROP FAILURE OR OVERPOPULATION, CAUSING ILLNESS OR DEATH FOR A LARGE NUMBER OF PEOPLE.

## FAMINE

MEN WHO RENTED LAND FROM A LANDLORD AND IN TURN SUBLET THE LAND, OFTEN AT A HIGHER PRICE.

## MIDDLEMEN

A LANDLORD'S LEGAL REMOVAL OF A TENANT FROM HIS RENTAL PROPERTY. EVICTION MAY OCCUR WHEN RENT HAS NOT BEEN PAID.

## GREGORY ACT 1848

A DESTRUCTIVE FUNGAL DISEASE OF POTATOES WHICH CAUSES THE TUBERS TO ROT.

## LAISSEZ-FAIRE

TRANSLATION: TO LEAVE ALONE

A SYSTEM WHEREBY LAND WAS RENTED ON AN 'ELEVEN-MONTH' BASIS, WITH THE CONTRACT RENEWED FROM YEAR TO YEAR. IT GAVE THE TENANT NO LEGAL ENTITLEMENT TO THE HOLDING.



# AN GORTA MÓR



úis



an

húrsa



armhairtí